CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2324 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Samhain 2022

lena leasaítear Cinneadh 2008/294/CE, chun teicneolaíochtaí rochtana breise agus bearta chun seirbhísí cumarsáide móibílí a oibriú (seirbhísí MCA) a chur san áireamh san Aontas

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 8321)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh Uimh. 676/2002/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le creat rialála don bheartas speictrim raidió sa Chomhphobal Eorpach (an Cinneadh maidir le Speictream Raidió) ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 2008/294/CE ón gCoimisiún ([2]) ceadaítear oibriú seirbhísí cumarsáide móibílí ar bord aerárthaí (seirbhísí MCA) san Aontas Eorpach le teicneolaíochtaí GSM, UMTS agus LTE agus leagtar amach ann na coinníollacha teicniúla comhchuibhithe is infheidhme maidir le seirbhísí MCA.

(2) Ach nascacht 5G a chur leis an nascacht ar aerárthaí feabhsaítear seirbhísí cumarsáide do phaisinéirí le linn dóibh a bheith ag taisteal, agus ag an am céanna baintear úsáid as an teicneolaíocht is déanaí atá ar fáil agus úsáid áirithítear úsáid éifeachtúil a bhaint as an speictream. Rannchuidíonn sin leis na cuspóirí a leagtar amach i straitéis an Choimisiúin maidir le nascacht a bhaint amach mar a leagtar amach iad sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Connectivity for a Competitive Digital Single Market – towards a European Gigabit Society* (Nascacht le haghaidh Margadh Aonair Digiteach Iomaíoch – I dTreo Sochaí Ghigighiotáin Eorpach) ([3]) agus a nuashonraítear leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún *2030 Digital Compass: the European way for the Digital Decade* (Compás Digiteach 2030: an bealach Eorpach don Deacáid Dhigiteach) ([4]).

(3) Thairis sin, ceanglaítear leis an gcreat rialála atá ann faoi láthair aonad rialaithe líonraí (NCU) a oibriú mar chuid den trealamh MCA ar bord aerárthaí chun cosc a chur ar mhoil mhóibíleacha ar bord iarracht a dhéanamh clárú le líonraí cumarsáide móibílí UMTS talún.

(4) An 14 Deireadh Fómhair 2020, thug an Coimisiún Eorpach sainordú do Chomhdháil Eorpach na Riarachán Poist agus Teileachumarsáide (CEPT), de bhun Airteagal 4(2) de Chinneadh Uimh. 676/2002/CE, chun staidéir theicniúla a dhéanamh ar an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an teicneolaíocht 5G agus ar úsáid roghnach a dhéanamh d'úsáid an aonaid rialaithe líonraí ar bord aerárthaí atá cumasaithe do MCA.

(5) Mar fhreagairt ar an sainordú sin, an 5 Samhain 2021 ghlac CEPT an Tuarascáil 81 uaidh, tuarascáil ina ndéantar foráil maidir le coinníollacha teicniúla comhchuibhithe chun córas aeróige neamhghníomhach (neamh-AAS) 5G a oibriú do MCA sna bandaí minicíochta 1800 MHz (1710-1785 MHz agus 1805-1880 MHz) agus leagtar amach coinníollacha maidir le haonad rialaithe líonraí a úsáid mar chuid de MCA.

(6) Bhí sé mar chonclúid i dTuarascáil 81 CEPT gur cheart úsáid NCU in oibríochtaí MCA sa chuid íosnaisc den bhanda 900 MHz (925-960 MHz) fanacht éigeantach faoi láthair chun nascadh le líonraí 3G UMTS atá bunaithe ar an talamh a chosc. Sa bhreis ar sin, bhí sé mar chonclúid inti go bhféadfaí úsáid roghnach a dhéanamh d'úsáid NCU in oibríochtaí MCA sa chuid íosnaisc 3G den bhanda péireáilte talún 2 GHz (2110-2170 MHz) go gairid amach anseo. Mar thoradh ar fhorbairtí teicniúla nua, ní raibh sé riachtanach a thuilleadh nascadh na mol móibíleach le líonraí móibíleacha talún a oibríonn sa bhanda minicíochta UMTS 1800 MHz a chosc trí NCU.

([1]) IO L 108, 24.4.2002, lch. 1.
([2]) IO L 98, 10.4.2008, lch. 19.
([3]) COM(2016) 587.
([4]) COM(2021) 118.

(7) Níor tuairiscíodh i dTuairisc 81 CEPT go raibh oibreoirí líonraí móibíleacha thíos le haon trasnaíocht (e.g. méadú ar an ualach comharthaíochta, díghrádú ar an toilleadh) ar a líonraí UMTS talún a úsáideann na bandaí minicíochta 900 MHz nó 2 GHz péireáilte talún ó mhoil mhóibíleacha ar bord aerárthaí (gan beann ar an aerárthach a bheith feistithe le córas MCA a bhfuil NCU mar chuid de nó gan a bheith). I gcomhréir le Tuairisc 81, ba é an chúis a luaitear leis an easpa tuairiscithe den sórt sin castacht an tionchair agus an tionchar sin a thomhas, go háirithe.

(8) Ba cheart aird chuí a thabhairt ar an deacracht a bhaineann measúnú a dhéanamh ar thrasnaíocht ó fhóin phóca ar bord aerárthaí a bhfuil MCA feistithe orthu ar líonraí talún UMTS 3G agus an easpa fianaise gaolmhaire i dTuarascáil 81 CEPT a mhéid a bhaineann leis an riachtanas NCU a chur in úsáid le haghaidh UMTS 3G. Mar sin féin, tar éis Thuarascáil CEPT 81, agus ionchuir bhreise agus forbairtí breise á gcur san áireamh, chinn CEPT nár cheart úsáid NCU ar bord aerárthaí a feistíodh le MCA sna bandaí 900 MHz agus 2 GHz péireáilte talún a bheith éigeantach a thuilleadh ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, i gcomhréir leis an luas leanúnach a bhaineann le líonraí a uasghrádú go 4G agus 5G agus le líonraí 3G a chéimniú amach ([5]).

(9) Ba cheart sonraíochtaí teicniúla MCA leanúint de bheith faoi athbhreithniú chun a áirithiú go mbeidh siad ag teacht go leanúnach leis an dul chun teicneolaíoch agus le forbairtí sa mhargadh.

(10) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2008/294/CE a leasú dá réir.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um an Speictream Raidió,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh 2008/294/CE.

Airteagal 2

A luaithe agus is féidir, agus in aon chás faoin 30 Meitheamh 2023, cuirfidh na Ballstáit na bandaí minicíochta le haghaidh 5G neamh-AAS a chuirtear in iúl i dTábla 1 san Iarscríbhinn ar fáil do sheirbhísí MCA ar bhonn neamhtrasnaíochta agus neamhchosanta, ar an gcoinníoll go gcomhlíonann na seirbhísí sin na coinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Airteagal 3

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Samhain 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Margrethe VESTAGER
Comhalta den Choimisiún

([5]) Leis an leasú ar Chinneadh ECC (06)07 a glacadh an 1/7/2022, tar éis comhairliúchán poiblí CEPT.

IARSCRÍBHINN

1. **Bandaí minicíochta agus córais a cheadaítear le haghaidh Seirbhísí MCA**

Tábla 1

Cineál	Minicíocht	Córas
GSM 1 800	1 710-1 785 MHz (uasnasc) 1 805-1 880 MHz (íosnasc)	GSM a chomhlíonann na caighdeáin GMS arna bhfoilsiú ag ETSI, go háirithe EN 301 502, EN 301 511 agus EN 302 480, nó sonraíochtaí coibhéiseacha.
UMTS 2 100 (FDD)	1 920-1 980 MHz (uasnasc) 2 110-2 170 MHz (íosnasc)	UMTS a chomhlíonann na caighdeáin UMTS arna bhfoilsiú ag ETSI, go háirithe EN 301 908-1 EN 301 908-2, EN 301 908-3 agus EN 301 908-11, nó sonraíochtaí coibhéiseacha.
LTE 1 800 (FDD)	1 710-1 785 MHz (uasnasc) 1 805-1 880 MHz (íosnasc)	LTE a chomhlíonann na caighdeáin LTE arna bhfoilsiú ag ETSI, go háirithe EN 301 908-1, EN 301 908-13, EN 301 908-14 agus EN 301 908-15, nó sonraíochtaí coibhéiseacha.
5G NR neamh-AAS	1 710-1 785 MHz (uasnasc) 1 805-1 880 MHz (íosnasc)	5G NR a chomhlíonann na caighdeáin 5G NR arna bhfoilsiú ag ETSI, EN 301 908-24 agus EN 301 908-25, nó sonraíochtaí coibhéiseacha.

2. **Cosc a chur ar mhoil mhóibíleacha nascadh le líonraí talún**

(a) Go dtí an 01 Eanáir 2026, ní mór cosc a chur ar mhoil mhóibíleacha a fhaigheann comharthaí laistigh de na bandaí minicíochta a liostaítear i dTábla 2 iarracht a dhéanamh clárú le líonraí móibíleacha UMTS ar an talamh:

— trí aonad rialaithe líonra (NCU) a áireamh, sa chóras MCA, lena n-ardaítear an t-íosleibhéal torainn laistigh den chábán i mbandaí móibíleacha fála, agus/nó

— le sciathú ar chabhail an aerárthaigh chun caolú breise a dhéanamh ar an gcomhartha a thagann isteach agus a théann amach as an gcabhail.

Tábla 2

Bandaí minicíochta (Mhz)	Córais ar an talamh
925-960 MHz	UMTS
2 110-2 170 MHz	UMTS

I ndiaidh an dáta sin, féadfaidh oibreoirí MCA cinneadh a dhéanamh leanúint de NCU a chur chun feidhme sna bandaí minicíochta agus sna córais a liostaítear i dTábla 2.

(b) Sa bhreis ar na forálacha i mír (a), féadfaidh oibreoirí MCA cinneadh a dhéanamh NCU a chur chun feidhme le haghaidh córais talún lena ndéantar seirbhísí cumarsáide leictreonaí a sholáthar sna bandaí minicíochta a liostaítear i dTábla 3.

Tábla 3

Bandaí minicíochta (Mhz)
460-470 MHz
791-821 MHz
925-960 MHz

1 805-1 880 MHz
2 110-2 170 MHz
2 620-2 690 MHz
2 570-2 620 MHz

3. **Paraiméadair Theicniúla**

(a) Teorainneacha cumhachta coibhéisí radaithe go hiseatrópach (EIRP), lasmuigh den aerárthach, a eascraíonn as an NCU/Stáisiún Bunáite an aerárthaigh

Tábla 4

Airde os cionn na talún (m)	EIRP uasta lasmuigh den aerárthach in dBm/(bandaleithead an chainéil)			
	NCU (1)	GSM agus LTE Stáisiún Bunáite an Aerárthaigh	BS neamh-AAS 5G NR an aerárthaigh	UMTS BS an aerárthaigh agus NCU
	Banda: 900 MHz	Banda: 1 800 MHz	Banda: 1 800 MHz	Banda: 2 100 MHz
	Bandaleithead Cainéil = 3,84 MHz	Bandaleithead Cainéil = 200 kHz (2)	Bandaleithead Cainéil = 5 MHz (3)	Bandaleithead Cainéil = 3,84 MHz
3 000	- 6,2	- 13,0	10	1,0
4 000	- 3,7	- 10,5	13	3,5
5 000	- 1,7	- 8,5	15	5,4
6 000	- 0,1	- 6,9	16	7,0
7 000	1,2	- 5,6	18	8,3
8 000	2,3	- 4,4	19	9,5

(1) Ní fheidhmíonn Stáisiún Bunáite an aerárthaigh ag 900 MHz, áfach, agus tá gá le NCU chun moil a úsáideann bealaí eile MCA a chosc ó nascadh leis na líonraí talún 900 MHz UMTS.
(2) I gcás bandaleithead cainéil seachas 200 kHz, cuirfear ceartú, arna ríomh de réir na foirmle 10 × log10 (bandaleithead cainéil/200 kHz) dB, leis na luachanna EIRP.
(3) I gcás bandaleithead cainéil seachas 5 MHz, cuirfear ceartú, arna ríomh de réir na foirmle 10 × log10 (bandaleithead cainéil/5 MHz) dB, leis na luachanna EIRP.

(b) Teorainneacha EIRP lasmuigh den aerárthach, a eascraíonn as an mol móibíleach a oibríonn ar bord

Tábla 5

Airde os cionn na talún	EIRP uasta, lasmuigh den aerárthach, ón mol móibíleach GSM in dBm/200 kHz	EIRP uasta, lasmuigh den aerárthach, ón mol móibíleach LTE in dBm/5 MHz (1)	EIRP uasta, lasmuigh den aerárthach, ón mol móibíleach LTE agus 5G in dBm/5 MHz (2) (3) (4)	EIRP uasta, lasmuigh den aerárthach, ón mol móibíleach UMTS in dBm/3,84 MHz
(m)	GSM 1 800 MHz	LTE 1 800 MHz	LTE agus 5G NR 1 800 MHz	UMTS 2 100 MHz
3 000	- 3,3	1,7	0	3,1
4 000	- 1,1	3,9	2	5,6
5 000	0,5	5	4	7
6 000	1,8	5	6	7
7 000	2,9	5	7	7

8 000	3,8	5	8	7

([1]) Tá feidhm ag na coinníollacha sin maidir le córais MCA arna suiteáil go dtí an 31 Nollaig 2022 a oibriú.
([2]) Tá feidhm ag na coinníollacha sin maidir le córais MCA arna suiteáil tar éis an 31 Nollaig 2022 a oibriú.
([3]) I gcás bandaleithead cainéil seachas 5 MHz, cuirfear ceartú, arna ríomh de réir na foirmle 10 × log10 (bandaleithead cainéil/5 MHz) dB, leis na luachanna EIRP.
([4]) Mar gheall go bhféadfaí roinnt mol móibíleach a oibriú, sonraítear an EIRP in aghaidh an chainéil beag beann ar an mbandaleithead cainéil a úsáidtear.

(c) Teorainneacha EIRP lasmuigh den aerárthach, a eascraíonn as an NCU, i mbandaí minicíochta ábhartha eile

I gcás ina gcinneann oibreoirí MCA NCU a úsáid chun cosc a chur ar mhoil mhóibíleacha iarracht a dhéanamh clárú le líonraí móibíleacha neamh-UMTS ar an talamh sna bandaí minicíochta a liostaítear i dTábla 3, tá feidhm ag na luachanna uasta a shonraítear i dTábla 6 don EIRP iomlán lasmuigh den aerárthach, a eascraíonn as an NCU, i gcomhar leis na luachanna a luaitear i dTábla 4.

Tábla 6

Airde os cionn na talún (m)	Uasmhéid EIRP lasmuigh den aerárthach, a eascraíonn as an NCU			
	460-470 MHz	791-821 MHz	1 805-1 880 MHz	2 570-2 690 MHz
	dBm/1,25 MHz	dBm/10 MHz	dBm/200 kHz	dBm/4,75 MHz
3 000	- 17,0	- 0,87	- 13,0	1,9
4 000	- 14,5	1,63	- 10,5	4,4
5 000	- 12,6	3,57	- 8,5	6,3
6 000	- 11,0	5,15	- 6,9	7,9
7 000	- 9,6	6,49	- 5,6	9,3
8 000	- 8,5	7,65	- 4,4	10,4

(d) Ceanglais oibriúcháin

(1) Is é 3 000 méadar is gá a bheith san airde íosta os cionn na talún le haghaidh aon tarchur ó chóras MCA atá á oibriú.

(2) Ní mór do Stáisiún Bunáite an aerárthaigh, agus é á oibriú, teorainn a chur le cumhacht tarchurtha gach moil mhóibíligh *GSM* a bhíonn ag tarchur sa bhanda 1 800 MHz go luach ainmniúil 0 dBm/200 kHz ag gach céim den chumarsáid, an rochtain thosaigh san áireamh.

(3) Ní mór do Stáisiún Bunáite an aerárthaigh, agus é á oibriú, teorainn a chur le cumhacht tarchurtha gach moil mhóibíligh *LTE* a bhíonn ag tarchur sa bhanda 1 800 MHz go luach ainmniúil 5 dBm/5 MHz ag gach céim den chumarsáid.

(4) Ní mór do Stáisiún Bunáite an aerárthaigh, agus é á oibriú, teorainn a chur le cumhacht tarchurtha gach moil mhóibíligh *UMTS* a bhíonn ag tarchur sa bhanda 2 100 MHz go luach ainmniúil -6 dBm/3,84 MHz ag gach céim den chumarsáid agus níor cheart an líon uasta úsáideoirí a bheith níos mó ná 20.

(5) Ní mór do Stáisiún Bunáite an aerárthaigh, agus é á oibriú, teorainn a chur le cumhacht tarchurtha gach moil mhóibíligh *5G NR* a bhíonn ag tarchur sa bhanda 1 800 MHz go luach ainmniúil 5 dBm/cainéal ag gach céim den chumarsáid, an rochtain thosaigh san áireamh.